Sínigh! Tionscnamh Eorpach na Saoránach

Tá an CEART ag CÁCH ar UISCE agus ar SHLÁINTÍOCHT

Bíonn uisce óil glan agus sláintíocht d'ardchaighdeán ag teastáil ó gach uile shaoránach. Iarraimid ar an Choimisiún Eorpach na cearta daonna sin a ráthú tríd an soláthar uisce agus an tsláintíocht a chur chun cinn mar sheirbhísí riachtanacha poiblí do chách. Caithfear na cearta sin a chur i bhfeidhm.

Ba chóir don Aontas Eorpach spriocanna ceangailteacha a shocrú do na Ballstáit ar fad chun go mbeadh rochtain ag cách san Eoraip ar an uisce agus ar an tsláintíocht. Creidimid gur chóir don Aontas Eorpach iarracht níos mó a dhéanamh chomh maith chun uisce agus sláintíocht a chur ar fáil do chách lasmuigh den Aontas Eorpach. Níl rochtain ag na milliúin duine ar na seirbhísí sin fós.

Ár spriocanna:

1. **Uisce agus sláintíocht a ráthú do chách san Eoraip.**
2. **Nach léirscaoilfear seirbhísí uisce.**
3. **Rochtain uilechoiteann (dhomhanda) ar uisce agus ar shláintíocht.**

Uirlis is ea an feachtas seo chun an ceart atá ag cách ar uisce agus ar shláintíocht a chur i bhfeidhm. Is uirlis é chun an meon aigne san Choimisiún Eorpach, a chuireann béim ar chur chuige margadh-bhunaithe, atá dírithe ar iomaíochas, a athrú agus chun cur chuige ceart-bhunaithe, atá dírithe ar sheirbhís phoiblí, a ghlacadh. Tá sé mar chuspóir aige rochtain uilechoiteann (dhomhanda) ar uisce agus ar shláintíocht a bhaint amach agus acmhainní uisce teoranta poiblí a chosaint do ghlúine todhchaí.

Tá UISCE ann AR MHAITHE LEIS AN PHOBAL, NÍ haon TRÁCHTEARRA é.

Tá an CEART ag CÁCH ar UISCE agus ar SHLÁINTÍOCHT

Tá UISCE ann AR MHAITHE LEIS AN PHOBAL, NÍ haon TRÁCHTEARRA é.

L'eau, un droit humain - Cilvēkam ir tiesības lietot ūdeni - Водата – основно човешко право - A víz emberi jog - apa este un drept al omului - Voda je lidské právo - Voda je l'udské právo - Voda je ljudsko pravo - Vatten är en mänsklig rättighet - Wasser ist ein Menschenrecht - Water is een mensenrecht - El agua es un derecho humano - A água é um direito humano - l'acqua è un diritto umano - vesi on perusoikeus - prawo do wody prawem człowieka - Vand er en menneskeret - Το νερό είναι ανθρώπινο δικαίωμα - Vesi on osa inimõigustest Eestis - Vanduo yra žmogaus teisė - ceart le uisce - voda je človekova pravica - Право на воду – право человека - Su bir insan hakkıdır - L-ILMA huwa dritt tal-bniedem

www.right2water.eu